C/2025/3137

5.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3137)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Isla de Menorca / Illa de Menorca'

PGI-ES-A0870-AM02 — 10.3.2025

1. **Ainm an táirge**

Isla de Menorca

Illa de Menorca

2. **Cineál an Táisc Gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (PDO)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Comhshaoil

Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Bia

Fo-Ard-Stiúrthóireacht na Scéimeanna Cáilíochta agus na Feirmeoireachta Orgánaí

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Cúiseanna:

Áiríodh na cineálacha Garnacha blanca agus Garnacha tinta mar chineálacha oiriúnacha chun fíon TGFC Isla de Menorca a dhéanamh mar gheall ar an gradam a thabharfaidh siad do na fíonta. Tacaítear leis an gcáil sin leis na gradaim agus na duaiseanna a fhaigheann fíonta a dhéantar as na cineálacha sin. Ina theannta sin, bíonn tionchar dearfach eacnamaíoch ag a gcuimsiú ar fhíonlanna cláraithe.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

CINEÁLACHA NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc:

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cuireadh na cineálacha Garnacha blanca agus Garnacha tinta isteach mar chineálacha fíonchaor geal agus dearg, faoi seach.

Leasaíodh pointe 6 den tsonraíocht táirge agus pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin de réir bhrí Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach mbaineann sé le hathrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar an gcatagóir táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach, agus nach ndéanann sé difear don nasc ná nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Isla de Menorca

Illa de Menorca

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon dearg agus fíon rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon dearg: dath geal silíní. Iomlán, tathagach, dea-struchtúrtha agus cothrom sa bhéal.

Rosé: lonrach, dath silíní, olartha sa bhéal. Tá blasanna torthaí dearga (plumaí agus sútha talún) de dhéine mheasartha air le hiarbhlas a mhaireann.

* I gcás fíonta a bhfuil méid siúcra ≤ 5 g/l (glúcós + fruchtós) iontu, is é ≤ 150 mg/l an méid dé-ocsaíde sulfair le haghaidh fíonta dearga agus ≤ 200 mg/l le haghaidh fíonta rosé; má tá an méid siúcra > 5 g/l, tá an méid dé-ocsaíde sulfair ≤ 200 mg/l le haghaidh fíonta dearga agus ≤ 250 mg/l le haghaidh fíonta rosé.

* I gcás fíonta aosaithe, is é 14,33 mEq/l an aigéadacht luaineach uasta, rud a mhéadaíonn 1 mEq/l le haghaidh gach céime de neart alcóil níos mó ná 11 %.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór reachtaíocht iomchuí an Aontais a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta a bhfuil an dath atá orthu idir buí éadrom geal agus buí órga agus a bhfuil imireacha glasa iontu. Lán de bhlas, iad torthaíoch, úr agus tirim, déine mhór acu agus iarbhlas fada orthu.

* I gcás fíonta a bhfuil méid siúcra ≤ 5 g/l (glúcós + fruchtós) iontu, is é ≤ 200 mg/l an méid dé-ocsaíde sulfair; má tá an méid siúcra > 5 g/l, is é ≤ 250 mg/l an méid dé-ocsaíde sulfair.

* I gcás fíonta aosaithe, is é 14,33 mEq/l an aigéadacht luaineach uasta, rud a mhéadaíonn 1 mEq/l le haghaidh gach céime de neart alcóil os cionn 11 %.

* I gcás teorainneacha nach bhfuil sonraithe, ní mór reachtaíocht iomchuí an Aontais a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.5 gram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Nuair a bhaintear an t-úrfhíon nó an fíon agus nuair a scartar ón marc fíonchaor é, ní mór brú iomchuí a úsáid. Is é < 70 lítear fíona in aghaidh 100 cileagram fíonchaor an táirgeacht.

Féadfar an teorainn ar lítir fíona in aghaidh 100 kg fíonchaora a leasú nuair atá údar cuí leis, faoi réir údarú ó Chomhairle Oileán Menorca, ar a tionscnamh féin nó arna iarraidh sin do pháirtithe leasmhara. Ní mór an t-athrú a dhéanamh roimh an mbuaint in éineacht leis na seiceálacha is gá, agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos mó ná 74 lítear fíona in aghaidh 100 kg fíonchaora.

2.

An modh saothraithe

Ní mór na modhanna cuachphrúnála nó treilíse a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2.

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cuimsítear sa limistéar táirgeachta fíonchaor agus fíona atá incháilithe an téarma Illa de Menorca / Isla de Menorca a úsáid na bardais uile ar oileán Menorca.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA TINTA

MACABEO – VIURA

MALVASIA AROMÁTICA — MALVASÍA DE BANYALBUFAR

MERLOT

MOLL — PENSAL BLANCA

MONASTRELL

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

PARELLADA

SYRAH

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá sé bunaithe ar an gcáil a baineadh amach go tapa ar an margadh, a léirítear i ndíolacháin intíre agus idirnáisiúnta, ós rud é gur cuireadh tús le ré nua fhíon Menorca thart ar 25 bliana ó shin.

Díolacháin: 88,49 % sna hOileáin Bhailéaracha, 7 % sa chuid eile den Spáinn, 0,23 % san Aontas, 2,25 % i Meiriceá, 2,03 % sa tSín.

Is é is cúis leis an gcáil atá ar fhíon faoi láthair a chumhdaítear leis an tásc geografach 'VTIM' cineál na gcineálacha fíniúna a fhástar, ar saintréith láidir iad na hithreacha éadoimhne, scoilte cailcreacha agus siliciúla, cé gur cineálacha traidisiúnta iad. Tá na fíniúnacha, atá neamhchosanta ar ghaoth aduaidh a thugann micrea-eilimintí léi, an-athléimneach agus tá táirgeacht íseal acu nach sroicheann 2 000 kg/ha ach go hannamh.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór lipéadú a bheith ar gach táirge ar a bhfuil an téarma Illa de Menorca / Isla de Menorca lena n-áirítear uimhir rialaithe oifigiúil arna heisiúint ag Comhairle Oileán Menorca.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.caib.es/sites/qualitatagroalimentaria/ca/vi_de_la_terra_illa_de_menorca-46262/